Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/1970

29.2.2024

**Ráiteas maidir le slógadh ionstraim EURI**

(C/2024/1970)

I gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, déanfaidh an Chomhairle, sula nglacfaidh sí a seasamh maidir leis an mbuiséad bliantúil, a mheas an iomchuí an réiteach maoiniúcháin do chostais íocaíochtaí úis NGEU de réir na gcéimeanna a bheartaítear in Airteagal 10a(2) de Rialachán (AE) 2024/765 ón gComhairle [Athbhreithniú CAI] mar a shoiléirítear in aithris 10a de, agus, más infheidhme, an iomchuí an cúlstop a shlógadh.

Má mheasann an Chomhairle nach iomchuí an cúlstop a shlógadh, iarrfaidh sí ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar a thogra d'fhonn an méid a shlógtar sa nós imeachta buiséadach bliantúil a mhéadú. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar leith ar leibhéal na méideanna saortha a shlógtar i gcéim 3 i gcás ina mbeadh an leibhéal sin cothrom le EUR 5 bhilliún in imeacht bliana nó os cionn EUR 15 bhilliún go carnach thar na blianta 2025-2027.